
# Brionglóidí



Rinne mé brionglóid ar dhragan mór,

Le crúba géara is lanna mar ór.

Rinne mé brionglóid ar fhathach láidir,

A thrupáil thart cosúil le saighdiúir.

Rinne mé brionglóid ar ollphéist ribeach,

A bhí ag iarraidh súgradh le mo stáisiún traenach.

Ach nuair a mhúscail mé an lá dár gcionn,

D'imigh siad leo, láithreach bonn!




# Brionglóidí Lae



Síleann an múinteoir go bhfuil mé ag léamh,
Ach tá mé ag obair i sorcas...
Sa tóir ar changarú...
Ag siúl ar an ghealach...
Ag snámh faoi uisce...
Ag troid le hochtapas...
Téim abhaile go mall san oíche
Le deich n-iasc
A cheap mé le hithe.


Síleann an múinteoir go bhfuil mé ag
éisteacht,
Ach tá mé ag dornálaíocht san arm...
Tá mé ag tumadh isteach san fharraige...
Is fear láidir mé i sorcas...
Tá mé ar foluain i mbalún..
Tá mé ag tiomáint carr spóirt...
Isteach trí shlodán
Nuair a mhúsclaím tá mé gorm
Shil an dúch ó mo pheann!



# Brionglóidí




Bhí brionglóid agam go raibh mé i m'éan,
Is gur eitil mé suas go hard sa spéir.
Trí na néalta i bhfad i gcéin,
Ag amharc anuas ar an domhan go léir.




Bhí brionglóid agam gur eilifint mhór mé,
Le trunc mór fada is craiceann tiubh.
Ag trupáil sa dufair ar feadh an lae,
Ag ithe duilleog ó dhubh go dubh.

Bhí brionglóid agam go raibh mé i mo rón,



Ag sleamhnú go furasta tríd an uisce sa linn.
Ins an sorcas ag coinneáil liathróide ar mo shrón,
Ag amaidí le buicéid uisce is fir bheaga ghrinn.

Ach mhúscail mé ar maidin i mo leaba bheag the,
Clog aláraim ag bualadh ar bhuille a hocht.
Bhí mé i mo pháiste arís ag tús an lae,
Ag dúil go mór le brionglóidí eile anocht!





"Bhí brionglóid agam aréir,"
Arsa Ruairí agus iontas ina ghlór.
"Brionglóid a bhí aisteach, is léir,
Go raibh mé ag ithe císte ollmhór."

"Bhí sé te agus tirim i mo bhéal,
Bhí mé ag cogaint ar feadh na hoíche.
Ní shílim gur chodail mé néal,
Ach ar maidin bhí mo cheannadhairt imithe!"

